Riachtanas na Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mholadh do chóras nua iontrála na nOllscoileanna. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. moladh	a. *result*
2. tascghrúpa	b. *selection system*
3. i bhfeidhm	c. *curriculum*
4. toradh	d. *operational, effective*
5. dá réir	e. *recommendation*
6. próiseas iontrála	f. *entry process*
7. córas roghnaithe	g. *the government's term*
8. ábhar roghnach	h. *optional subject*
9. curaclam	i. *accordingly*
10. tréimhse an rialtais	j. *task group*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus líon na bearnaí sa script leis na focail ó **Ceist 1** thuas.

Eimear Ní Chonaola
Tá sé ráite ag an Aire Oideachais, Jan O'Sullivan, go scrúdódh an rialtas aon _____* a bheadh ann deireadh a chur leis an riachtanas Gaeilge le háit a bhaint amach i gcoláistí ollscoile na hÉireann. De réir eolais atá faighte ag an tseirbhís nuachta, tuairisc.ie, tá sé molta ag _____ acadúil deireadh a chur leis an riachtanas atá _____ le blianta fada.

Tomás Ó Mainnín
Le nach mór céad bliain tá sé mar riachtanas go gcaithfidh mic léinn Gaeilge a bheith acu agus _____ Ardteiste _____ chun áit a bhaint amach i gcoláistí ollscoile na hÉireann. Tar éis feachtais i dttús an chéid seo caite socraíodh go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar riachtanach ó 1913 don b_____. Ach anois, is cosúil go bhfuil sé molta ag tascghrúpa deireadh a chur leis seo. Bunaíodh an tascghrúpa chun teacht ar mholtaí maidir leis an g_____ agus iontrála go dtí na hollscoileanna a leasú. De réir an eolais atá faighte ag an suíomh idirlín nuachta, tuairisc.ie, moltar nach mbeadh an Ghaeilge riachtanach ach amháin do chúrsaí ollscoile a bheadh á gcur ar fáil trí Ghaeilge.

Kevin Hickey, Iriseoir, Tuairisc.ie
Bhuel, is dócha, go laghdódh sé tábhacht na teanga i súile na ndaltaí scoile agus gur lú fós an meas a bheas acu uirthi agus cá bhfios nach gcuirfidh sé a thuilleadh brú ar an rialtas _____ a dhéanamh den teanga amach anseo.

Tomás Ó Mainnín
I Luimneach inniu a bhí an tAire Oideachais ag lainseáil scéim nua chun rothair a chur ar fáil mar mhodh taistil sa chathair. Ar mholtaí an tascghrúpa dúirt sí go dteastaigh uaithi béim a chur ar labhairt na Gaeilge sa g_____ agus go dteastódh staidéar a dhéanamh ar aon mholtaí maidir le riachtanas an Ghaeilge mar ábhar iontrála sna hollscoileanna a leasú.

Tomás Ó Mainnín
Maidir le an mbeidh sé i gceist aici aon chuid de mholtaí an tascghrúpa a chur i bhfeidhm roimh dheireadh _____* seo, dúirt an t-aire nach mbeadh sí sásta aon rud a rá faoi sin nó go mbeidh na moltaí feicthe aici agus staidéar déanta aici orthu.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís gan féachaint ar aon nótaí. An dtuigeann tú níos fearr í?

Ceist 4 Éist arís leis an gcéad líne sa mhír agus leis an líne dheireanach sa mhír. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar na focail a líon tú isteach?

Tá sé ráite ag an Aire Oideachais, Jan O'Sullivan, go scrúdódh an rialtas aon **mholadh** a bheadh ann deireadh a chur leis an riachtanas Gaeilge le háit a bhaint amach i gcoláistí ollscoile na hÉireann.

Maidir le an mbeidh sé i gceist aici aon chuid de mholtaí an tascghrúpa a chur i bhfeidhm roimh dheireadh **thréimhse an rialtais** seo, dúirt an t-aire nach mbeadh sí sásta aon rud a rá faoi sin nó go mbeidh na moltaí feicthe aici agus staidéar déanta aici orthu.

Ceist 5 '…*a bhaint amach*…'

Cuir na briathra frásacha seo thíos, a bhfuil an focal ***amach*** mar chuid díobh, in abairtí lena mbrí a léiriú:

- bain amach
- tabhair amach
- cuir amach
- scaoil amach
- tit amach

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar cheart don Ghaeilge a bheith mar ábhar riachtanach le háit in ollscoil a bhaint amach, dar leat? Cén fáth?
2. Ar cheart go mbeadh aon teanga mar ábhar riachtanach le háit in ollscoil a bhaint amach, dar leat? Cén fáth?
3. Dá mbeadh an Ghaeilge mar ábhar roghnach sna meánscoileanna anois, cén tionchar a bheadh aige sin ar thodhchaí na Gaeilge, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	j	d	a	i	f	b	h	c	g

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Bíodh plé oscailte agat leis an rang faoin méid a thuigeann siad agus cad a chuidíonn leo tuairiscí ar nós an chinn seo a thuiscint.

Ceist 4
'aon mholadh': Cuirtear séimhiú ar fhocail dar tús consan tar éis an fhocail ***aon***, is é sin mura bhfuil *na dentals* i gceist – ní féidir séimhiú a chur ar ainmfhocal a thosaíonn le *d, n, t, l, s* tar éis focal eile a chríochnaíonn le *d, n, t, l, s*.

'roimh dheireadh thréimhse an rialtais': Is aonad brí cinnte é 'tréimhse an rialtais' agus tagann an t-ainmfhocal 'deireadh' roimh an aonad brí cinnte sin. Glacann an focal 'tréimhse' foirm an ainmnigh in áit an ghinidigh mar sin agus cuirtear séimhiú air.

Ceist 5
- bain amach – take out or achieve/succeed in
- tabhair amach – give out, complain
- cuir amach – get sick, put out
- scaoil amach – release
- tit amach – fall out, fall out with someone, happen

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá sé ráite ag an Aire Oideachais, Jan O'Sullivan, go scrúdódh an rialtas aon mholadh a bheadh ann deireadh a chur leis an riachtanas Gaeilge le háit a bhaint amach i gcoláistí ollscoile na hÉireann. De réir eolais atá faighte ag an tseirbhís nuachta, tuairisc.ie, tá sé molta ag tascghrúpa acadúil deireadh a chur leis an riachtanas atá i bhfeidhm le blianta fada.

Tomás Ó Mainnín
Le nach mór céad bliain tá sé mar riachtanas go gcaithfidh mic léinn Gaeilge a bheith acu agus toradh Ardteiste dá réir chun áit a bhaint amach i gcoláistí ollscoile na hÉireann. Tar éis feachtais i dtús an chéid seo caite socraíodh go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar riachtanach ó 1913 don bpróiseas iontrála. Ach anois, is cosúil go bhfuil sé molta ag tascghrúpa deireadh a chur leis seo. Bunaíodh an tascghrúpa chun teacht ar mholtaí maidir leis an gcóras roghnaithe agus iontrála go dtí na hollscoileanna a leasú. De réir an eolais atá faighte ag an suíomh idirlín nuachta, tuairisc.ie, moltar nach mbeadh an Ghaeilge riachtanach ach amháin do chúrsaí ollscoile a bheadh á gcur ar fáil trí Ghaeilge.

Kevin Hickey, Iriseoir, Tuairisc.ie
Bhuel, is dócha go laghdódh sé tábhacht na teanga i súile na ndaltaí scoile agus gur lú fós an meas a bheas acu uirthi agus cá bhfios nach gcuirfidh sé a thuilleadh brú ar an rialtas ábhar roghnach a dhéanamh den teanga amach anseo.

Tomás Ó Mainnín
I Luimneach inniu a bhí an tAire Oideachais ag lainseáil scéim nua chun rothair a chur ar fáil mar mhodh taistil sa chathair. Ar mholtaí an tascghrúpa dúirt sí go dteastaigh[1] uaithi béim a chur ar labhairt na Gaeilge sa gcuraclam agus go dteastódh staidéar a dhéanamh ar aon mholtaí maidir le riachtanas an Ghaeilge mar ábhar iontrála sna hollscoileanna a leasú.

Jan O'Sullivan, An tAire Oideachais
I haven't actually seen the recommendations yet. And, I know they've made some recommendations around the Irish language in particular. We'll obviously have to consider it.

Tomás Ó Mainnín
Maidir le an mbeidh sé i gceist aici aon chuid de mholtaí an tascghrúpa a chur i bhfeidhm roimh dheireadh thréimhse an rialtais seo, dúirt an t-aire nach mbeadh sí sásta aon rud a rá faoi sin nó go mbeidh na moltaí feicthe aici agus staidéar déanta aici orthu.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Luimneach.

[1] *gur theastaigh* atá sa Chaighdeán Oifigiúil